



DÁIL ÉIREANN

Dé Máirt, 19 Meitheamh, 2018
Tuesday, 19th June, 2018

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

Dé Máirt, 19 Meitheamh, 2018
Tuesday, 19th June, 2018

2 p.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

9. Tairiscint *maidir le* Malartú Tuairimí lena Oirirceas, an tUasal Jean-Claude Juncker, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh.
Motion *re* Exchange of Views with H.E. Mr. Jean-Claude Juncker, President of the European Commission.
10. Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear faisnéis airgeadais agus faisnéis eile a úsáid chun coireanna coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/JHA ón gComhairle a tharchur chuig Comhchoiste.
Motion *re* Referral to Joint Committee of proposed approval by Dáil Éireann for the Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council laying down rules facilitating the use of financial and other information for the prevention, detection, investigation or prosecution of certain criminal offences and repealing Council Decision 2000/642/JHA.
11. Tairiscint *maidir le* Leithscéal a Ghabháil leis na Daoine a Ciontaíodh i nGníomhartha Gnéasacha Toiliúla idir Daoine den Ghnéas Céanna agus Ráiteas faoi Luachanna.
Motion *re* Apology for Persons Convicted of Consensual Same-Sex Sexual Acts and Statement of Values.
27. (l) An Bille um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 2017 — An Tuarascáil (*Leasú 22, atógáil – Athchúrsa i gCoiste*).
(a) Road Traffic (Amendment) Bill 2017 — Report (*Amendment 22, resumed – Recommittal*).

GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

184. Tairiscint *maidir le* Briogáid Dóiteáin Átha Cliath.
Motion *re* Dublin Fire Brigade.

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Billí ón Seanad: Bills from the Seanad

1. An Bille um Thacaíocht Cúraim Leanaí, 2017 — Leasuithe ón Seanad.
Childcare Support Bill 2017 — Amendments from the Seanad.

2. An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2016 — Leasuithe ón Seanad.
Planning and Development (Amendment) Bill 2016 — Amendments from the Seanad.

3. An Bille um Neamhord Speictream an Uathachais, 2017 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Autism Spectrum Disorder Bill 2017 [*Seanad*] — Second Stage.

4. An Bille um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Leasú), 2017 [*Seanad*] —
An Dara Céim.
Landlord and Tenant (Ground Rents) (Amendment) Bill 2017 [*Seanad*] — Second Stage.

5. An Bille um Chosaint Idirnáisiúnta (Athaontú Teaghlaigh) (Leasú), 2017 [*Seanad*] — An
Dara Céim.
International Protection (Family Reunification) (Amendment) Bill 2017 [*Seanad*] —
Second Stage.

Billí a thionscnamh: Initiation of Bills

Tíolactha:
Presented:

6. An Bille um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann, 2018 — Ordú don Dara Céim.
Home Building Finance Ireland Bill 2018 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú chun cuideachta a bhunú ar a dtabharfar Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann; do dhéanamh socrú maidir leis an gcuideachta do chur maoiniú ar fáil i gcomhair forbairtí cónaithe sa Stát; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for the formation of a company to be known as Home Building Finance Ireland; to provide for the making available of financing by the company for residential development in the State; and to provide for related matters.

—An tAire Airgeadais.

Tabhairt Isteach:
Introduction:

7. An Bille um Iniúchadh Neamhspleách ar Chóiríocht Éigeandála do Dhaoine gan Dídean agus ar Sholáthar Díreach, 2018. — An Chéad Chéim.
Emergency Homeless Accommodation and Direct Provision Independent Inspection Bill 2018 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta Sláinte, 2007 chun an chumhacht a thabhairt don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte iniúchadh a dhéanamh ar an gcóiríocht éigeandála uile do dhaoine gan dídean arna maoiniú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Leis an Acht, tugtar an chumhacht freisin don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte iniúchadh a dhéanamh ar ionaid soláthair dhírigh arna maoiniú ag an nGníomhaireacht um Ghlacadh agus Lánpháirtiú sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Bill entitled an Act to amend the Health Act 2007 to grant the Health Information and Quality Authority (HIQA) the power to inspect all emergency homeless accommodation funded by the Department of Housing, Planning and Community and Local Government. The Act also grants HIQA the power to inspect direct provision centres funded by the Reception and Integration Agency (RIA) of the Department of Justice and Equality.

—*Eoin Ó Broin.*

8. An Bille um Chosaint Idirnáisiúnta (Leasú), 2017 — An Chéad Chéim.
International Protection (Amendment) Bill 2017 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú chun a cheadú do dhaoine atá ag déanamh iarratais ar chosaint idirnáisiúnta fostaíocht a lorg agus dul i bhfostaíocht, laistigh den Stát; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for allowing persons applying for international protection to seek and enter employment within the State; and to provide for related matters.

—*Jonathan O'Brien.*

Fógraí Tairisceana: Notices of Motions

- 9.“(1) Go ndéanann Dáil Éireann:

- (a) a thabhairt dá haire go n-aithnítear leis an gConradh ar an Aontas Eorpach an chaoi a gcuireann Parlaimintí Náisiúnta go gníomhach le dea-fheidhmiú an Aontais trí bheith ar an eolas agus é a bheith ar a gcumas a dtuairimí a chur in iúl maidir le nithe is díol spéise ar leith dóibh;
- (b) a mheas, i bhfianaise na n-impleachtaí d’Éirinn, ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, polaitíochta agus sóisialta de, a bhaineann le

- (1) That Dáil Éireann:

- (a) notes that the Treaty on European Union recognises the active contribution of National Parliaments to the good functioning of the Union through being informed and having the ability to express their views on matters of particular interest to them;
- (b) in view of the economic, political and social implications for Ireland of the decision of the United Kingdom to withdraw from the European

cinneadh na Ríochta Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach, mar a cuireadh in iúl faoi Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach an 29 Márta 2017, gur chóir go gcumasófaí do chomháltaí de Thithe an Oireachtais a dtuairimí a chur in iúl agus a bheith ar an eolas faoin gceist seo a bhfuil tábhacht shuntasach náisiúnta ag baint léi;

- (c) a bheartú go dtionólfar Comhshuí de dhá Theach an Oireachtais i Seomra na Dála Déardaoin an 21 Meitheamh 2018, ar 11.45 a.m., chun tuairimí a mhalartú lena Oirirceas, an tUasal Jean-Claude Juncker, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh.
- (2) Beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas:
- (a) beidh an Ceann Comhairle ina Chathaoirleach agus cuirfidh sé na himeachtaí ar athló díreach tar éis ráiteas clabhsúir an Chathaoirligh;
- (b) is mar a leanas a bheidh na himeachtaí:
- (i) 11.45 a.m. – ráiteas tosaigh an Cheann Comhairle;
- (ii) 11.49 a.m. – ráiteas óna Oirirceas, an tUasal Juncker;
- (iii) 12.09 p.m. – ráitis ó chomháltaí san ord seo a leanas, is ráitis a mbeidh feidhm ag na teorainneacha ama seo a leanas maidir leo:
- An Rialtas – 12 nóiméad,
-
- Fianna Fáil – 10 nóiméad,
-
- Sinn Féin – 8 nóiméad,
-
- Páirtí an Lucht Oibre, Dlíthpháirtíocht agus Pobal roimh Bhrabús, Neamhspleáigh ar son an Athraithe, an Grúpa Neamhspleách Tuaithe,

Union as notified under Article 50 of the Treaty on European Union on 29th March, 2017, considers that members of the Houses of the Oireachtas should be enabled to express their views and be informed on this issue of significant national importance;

- (c) resolves that a Joint Sitting of both Houses of the Oireachtas be held in the Dáil Chamber on Thursday 21st June, 2018, at 11.45 a.m., for the purpose of an exchange of views with H.E. Mr. Jean-Claude Juncker, President of the European Commission.
- (2) The following arrangements shall apply:
- (a) the Ceann Comhairle shall be the Chairman and shall adjourn the proceedings immediately following the Cathaoirleach's concluding statement;
- (b) the proceedings shall be as follows:
- (i) 11.45 a.m. – Ceann Comhairle's opening statement;
- (ii) 11.49 a.m. – statement by H.E. Mr. Juncker;
- (iii) 12.09 p.m. – statements from members in the following order, and to which the following time limits shall apply:
- Government – 12 minutes,
-
- Fianna Fáil – 10 minutes,
-
- Sinn Féin – 8 minutes,
-
- the Labour Party, Solidarity-People Before Profit (Sol-PBP), Independents 4 Change, the Rural Independent Group, the Social Democrats-

Grúpa na nDaonlathaithe Sóisialta agus an Chomhaontais Ghlais, Grúpa Neamhspleách an tSeanaid, agus Grúpa Comhpháirteachais Phoiblí an tSeanaid – 4 nóiméad an grúpa,

Green Party Group, the Seanad Independent Group, and the Seanad Civil Engagement Group – 4 minutes each,

agus féadfaidh comhaltaí am a roinnt; agus

and members may share time; and

(iv) 1.07 p.m. – ráiteas clabhsúir an Chathaoirligh.

(iv) 1.07 p.m. – Cathaoirleach’s concluding statement.

(3) Déardaoin an 21 Meitheamh 2018, tiocfaidh an Dáil le chéile ar 2.45 p.m.”

(3) On Thursday 21st June, 2018, the Dáil shall meet at 2.45 p.m.”

—*Maria Bailey, Richard Boyd Barrett, John Halligan, Clare Daly, Mattie McGrath, Seosamh Mac Aodha, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh, Michael Moynihan, Catherine Murphy, Brendan Ryan, Aengus Ó Snodaigh.*

10. “Go ndéanfar an togra go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótagal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

That the proposal that Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear faisnéis airgeadais agus faisnéis eile a úsáid chun coireanna coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/JHA ón gComhairle,

Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council laying down rules facilitating the use of financial and other information for the prevention, detection, investigation or prosecution of certain criminal offences and repealing Council Decision 2000/642/JHA,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 11 Bealtaine 2018, a tharchur chuig an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas, de réir Bhuan-Ordú 84A(4) (k), agus go ndéanfaidh an Coiste sin, tráth nach déanaí ná an 27 Meitheamh 2018, teachtaireacht a chur chuig an Dáil ar an modh a fhorordaítear i mBuan-Ordú 90, agus go mbeidh feidhm dá réir sin ag Buan-Ordú 89(2).

a copy of which was laid before Dáil Éireann on 11th May, 2018, be referred to the Joint Committee on Justice and Equality, in accordance with Standing Order 84A(4)(k), which, not later than 27th June, 2018, shall send a message to the Dáil in the manner prescribed in Standing Order 90, and Standing Order 89(2) shall accordingly apply.”

11. “Go ndéanann Dáil Éireann:

a aithint maidir leis na dlíthe a aisghaireadh san Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993, lena ndearnadh coir de ghníomhaíocht ghnéasach thoiliúil idir fir:

- go raibh siad idirdhealaitheach go míchuí, contrártha do dhíne an duine agus gur sháraigh siad an phríobháideacht phearsanta agus an fhéinriacht phearsanta;
- gur mór an dochar a rinneadh leis na dlíthe sin do na daoine dá ndearna siad difear díreach agus indíreach, eadhon, fir a bhí ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnéasacha toiliúla idir daoine den ghnéas céanna, agus a muintir agus a gcairde; agus
- go raibh drochthionchar suntasach acu ar an dul chun cinn maidir le comhionannas a bhaint amach don phobal Leispiach, Homaighnéasach, Déghnéasach, Trasinsneach agus Idirghnéasach (LGBTI), agus aithníonn an Dáil go háirithe oidhreacht HIV/ AIDS laistigh de chomhthéacs an choiriúlaithe;

a aithint thairis sin gur goilleadh orthu siúd, agus go ndearnadh dochar dóibh siúd, a raibh drogall orthu a bheith oscailte agus ionraic faoina gcuid gnéasachta lena muintir agus sa tsochaí de bharr na ndlíthe sin agus, ar an gcaoi sin, gur cuireadh cosc ar shaoránaigh a bheith rannpháirteach sa saol sibhialta agus polaitíochta agus a gcion a dhéanamh ar son na sochaí ar feadh a gcumais;

leithscéal ó chroí a ghabháil leis na daoine a ciontaíodh i ngníomhaíocht ghnéasach idir daoine den ghnéas céanna, is gníomhaíocht atá dleathach anois;

fáilte a chur roimh na dea-bhearta forásacha a thug Rialtais i ndiaidh a chéile isteach le tríocha bliain anuas, agus go háirithe sna 25 bliana ó tugadh isteach an díchoiriúla leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993, lena n-áirítear *inter alia*:

- an tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989;

That Dáil Éireann:

acknowledges that the laws repealed in the Criminal Law (Sexual Offences) Act 1993 that criminalised consensual sexual activity between men:

- were improperly discriminatory, contrary to human dignity and an infringement of personal privacy and autonomy;
- caused multiple harms to those directly and indirectly affected, namely men who engaged in consensual same-sex activities and their families and friends; and
- had a significant chilling effect on progress towards equality for the Lesbian, Gay, Bisexual, Transgender and Intersex (LGBTI) community, acknowledging in particular the legacy of HIV/AIDS within the context of criminalisation;

further acknowledges the hurt and the harm caused to those who were deterred by those laws from being open and honest about their identity with their family and in society and that this prevented citizens from engaging in civil and political life and deprived society of their full contribution;

offers a sincere apology to individuals convicted of same-sex sexual activity which is now legal;

welcomes the positive progressive measures introduced by successive Governments over the last thirty years and in particular in the 25 years since decriminalisation was introduced by the Criminal Law (Sexual Offences) Act 1993, including *inter alia*:

- the Prohibition of Incitement to Hatred Act 1989;

- na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2016;
 - na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2016;
 - n tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;
 - an Reifreann um Chomhionannas Pósta agus an tAcht um Pósadh, 2015;
 - an tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015; agus
 - an tAcht um Inscne a Aithint, 2015;
- fáilte a chur thairis sin roimh thiomantas an Rialtais i ndáil le Straitéis Óige LGBTI+, agus ina dhiaidh sin Straitéis LGBTI, a thabhairt isteach; agus
- a athdhearbhú go bhfuil sí tiomanta chun a chinntiú:
- go ndéantar mionlaigh ghnéasacha agus inscne a aithint agus a chosaint go hiomlán leis an dlí ar bhonn oscailte agus uilechuimsitheach;
 - gur tír í Éire ina bhfuil saoirse ag daoine LGBTI a bhféiniúlacht a léiriú go hiomlán gan eagla a bheith orthu go ndéanfar idirdhealú orthu;
 - go bhfuil gach saoránach in ann maireachtáil i sochaí ina bhfuil saoirse agus comhionannas i réim, agus páirt iomlán a ghlacadh i saol sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha an náisiúin, beag beann ar ghnéaschlaonadh nó ar fhéiniúlacht inscne; agus
 - go ndéantar cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint go domhanda lenár mbeartas eachtrach, lena n-áirítear cearta daoine LGBTI, ar dream iad a bhíonn fós thíos le leibhéal dhíríreacha foréigin agus a ndéantar idirdhealú córasach orthu in go leor tíortha.
- the Equal Status Acts 2000-2016;
- the Employment Equality Acts 1998-2016;
- the Civil Partnership and Certain Rights and Obligations of Cohabitants Act 2010;
- the Marriage Equality Referendum and the Marriage Act 2015;
- the Children and Family Relationships Act 2015; and
- the Gender Recognition Act 2015;
- further welcomes the Government's commitment to introduce an LGBTI+ Youth Strategy, followed by an LGBTI Strategy; and
- reaffirms its commitment to ensuring that:
- the law fully recognises and protects sexual and gender minorities on an open and inclusive basis;
 - Ireland is a country where LGBTI individuals are free to fully express their identities without fear of discrimination;
 - all citizens can live in freedom and equality, and participate fully in the social, economic and cultural life of the nation, regardless of sexual orientation or gender identity; and
 - our foreign policy promotes and protects human rights globally, including the rights of LGBTI individuals, who continue to suffer disproportionate levels of violence and face systemic discrimination in many countries.”

—*An Taoiseach and all other members of the Fine Gael parliamentary party, Brendan Howlin and all other members of the Labour Party parliamentary party.*

Leasú:

Amendment:

1. (a) To delete the words “and indirectly” and insert the following after “and their families and friends”:

“and acknowledges the indirect effect on all Lesbian, Gay, Bisexual, Transgender and Intersex (LGBTI) people”;

and

- (b) To insert the following after “which is now legal”:

“calls on the Government to implement legislation that:

- establishes a system in which persons convicted of anti-homosexuality laws, where the activity was between consenting men of lawful age, are granted a pardon that expunges all convictions of that nature, and enables all documentation carrying such a conviction to be corrected;
- protects the LGBTI community from hate crime; and
- bans so-called ‘conversion therapies’.”—*Donnchadh Ó Laoghaire, Gerry Adams, John Brady, Pat Buckley, Seán Crowe, David Cullinane, Pearse Doherty, Dessie Ellis, Martin J. Ferris, Kathleen Funchion, Martin Kenny, Mary Lou McDonald, Denise Mitchell, Imelda Munster, Jonathan O'Brien, Eoin Ó Broin, Caoimhghín Ó Caoláin, Louise O'Reilly, Aengus Ó Snodaigh, Maurice Quinlivan, Brian Stanley, Peadar Tóibín.*

[19 June, 2018]

12. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an tuarascáil ón Taoiseach agus Aire Cosanta maidir le seirbhís ag na Fórsaí Cosanta leis na Náisiúin Aontaithe in 2015, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 9 Meán Fómhair 2016, de réir alt 13 den Acht Cosanta (Leasú), 2006.

That Dáil Éireann approves the report by the Taoiseach and Minister for Defence, regarding service by the Defence Forces with the United Nations in 2015, copies of which were laid before Dáil Éireann on 9th September, 2016, in accordance with section 13 of the Defence (Amendment) Act 2006.”

—*An Taoiseach agus Aire Cosanta.*

13. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil ar Mheabhair-Shláinte Dhearfach i Scoileanna’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 12 Meán Fómhair 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Report on Positive Mental Health in Schools’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 12th September, 2017.”

—*Fiona O'Loughlin,*
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[20 September, 2017]

14. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Education and

agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil maidir le hincháilitheacht deontais chothabhála do mhic léinn (Tacaíocht Uilíoch Mac Léinn Éireann a mhúscailt)’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 29 Meán Fómhair 2017.

Skills entitled ‘Report on the eligibility of maintenance grants to students (Wake-up SUSI)’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 29th September, 2017.”

—*Fiona O'Loughlin,*
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[3 October, 2017]

15. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil dar teideal ‘Tionchar na Ligean Gearrthearma ar Mhargadh Tithíochta agus Cíosa na hÉireann’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 5 Deireadh Fómhair 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Housing, Planning and Local Government entitled ‘The Impact of Short Term Lettings on Ireland’s Housing and Rental Market’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 5th October, 2017.”

—*Maria Bailey,*
Chairman of the Joint Committee on Housing, Planning and Local Government.
[10 October, 2017]

16. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta dar teideal ‘Brexit agus todhchaí na hÉireann: Éire agus a Muintir a Aontú faoi Shíocháin agus Rathúnas’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 2 Lúnasa, 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on the Implementation of the Good Friday Agreement entitled ‘Brexit and The Future of Ireland: Uniting Ireland & Its People in Peace & Prosperity’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 2nd August, 2017.”

—*Seán Crowe,*
Chairman of the Joint Committee on the Implementation of the Good Friday Agreement.
[12 December, 2017]

17. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta dar teideal ‘Na hImpleachtaí atá ag Brexit do Chomhaontú Aoine an Chéasta: Príomhchinntí’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 22 Meitheamh, 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on the Implementation of the Good Friday Agreement entitled ‘The Implications of Brexit for the Good Friday Agreement: Key Findings’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 22nd June, 2017.”

—*Seán Crowe,*

Chairman of the Joint Committee on the Implementation of the Good Friday Agreement.
[12 December, 2017]

18. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil maidir leis na Dúshláin atá roimh Scoileanna ar Oileáin’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 27 Feabhra 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Report on Challenges Facing Island Schools’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 27th February, 2018.”

—*Fiona O’Loughlin,*
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[27 February, 2018]

19. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón Roghchoiste um Fhormhaoirsiú Buiséid dar teideal ‘Tuarascáil ar Athluacháil Cánach Maoine Áitiúla’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 23 Márta 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Select Committee on Budgetary Oversight entitled ‘Report on Local Property Tax Revaluation’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 23rd March, 2018.”

—*Colm Brophy,*
Chairman of the Select Committee on Budgetary Oversight.
[27 March, 2018]

20. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Chúram Meabhairshláinte sa Todhchaí dar teideal ‘An Dara Tuarascáil Eatramhach: Gníomhartha a mholtar de dhroim an dul chun cinn atá déanta go dtí seo’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 25 Aibreán 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on the Future of Mental Health Care entitled ‘Second Interim Report: Recommended actions arising from progress made to date’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 25th April, 2018.”

—*James Browne,*
Vice-Chairman of the Joint Committee on the Future of Mental Health Care.
[1 May, 2018]

21. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas dar teideal ‘Tuarascáil maidir le hAthchóiriú ar an gCóras Pionós agus Pianbhreitheanna a Ghearradh’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 10 Bealtaine 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Justice and Equality entitled ‘Report on Penal Reform and Sentencing’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 10th May, 2018.”

—*Caoimhghín Ó Caoláin,*

22. “Maidir le Dáil Éireann:

- go mbreithneoidh sí an Tuarascáil ón gComhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach, dar teideal ‘Idirghabháil le Cistí Infheistíochta’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 15 Márta 2018;
- go dtugann sí dá haire iarrachtaí leanúnacha gan rath an Chomhchoiste dul i mbun idirghabháil le cistí infheistíochta príobháideacha neamhrialáilte agus le gnólachtaí seirbhíse creidmheasa rialáilte agus gurb oth léi seasamh na n-eintiteas seo agus cuirí ón gComhchoiste láithriú ag éisteachtaí de chuid an Chomhchoiste agus a bheith cuntasach don Pharlaimint á ndiúltú acu;
- go dtugann sí aitheantas thairis sin do thacaíocht Ghobharnóir Bhanc Ceannais na hÉireann ag éileamh go bhfreastalóidh na cistí infheistíochta príobháideacha neamhrialáilte agus na gnólachtaí seirbhíse creidmheasa rialáilte ag an gComhchoiste ar an mbonn go bhfuil ‘freagracht shóisialta ar ghnólachtaí a bhfuil ról suntasach acu i ngeilleagar na hÉireann cuntas a thabhairt orthu féin os comhair an Choiste’;
- go dtugann sí dá haire an fhaisnéis a sholáthair an Roinn Airgeadais ina dtugtar mionsonraí i dtaobh an leibhéil idirghabhála le tionscal na gcistí ó 2013 go 2016 agus ina dtugtar mionsonraí i dtaobh thart ar 125 chruinniú iomchuí a seoladh, rud a léiríonn an leibhéal idirghníomhaíochta a bhí ann idir tionscal na gcistí agus an Roinn thar na blianta sin; agus
- go n-iarrann sí ar an Rialtas na moltaí atá i míreanna 17 agus 18 den Tuarascáil a chur i ngníomh, eadhon:
 - scor de gach idirghabháil le cistí

That Dáil Éireann:

- shall consider the Report of the Joint Committee on Finance, Public Expenditure and Reform, and Taoiseach entitled ‘Engagement with Investment Funds’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 15th March, 2018;
- notes the continuing, unsuccessful efforts of the Joint Committee to engage with unregulated private investment funds and regulated credit service firms and regrets the position of these entities in declining invitations from the Joint Committee to attend hearings of the Joint Committee and to be accountable to Parliament;
- acknowledges the support of the Governor of the Central Bank of Ireland in calling for the unregulated private investment funds and regulated credit service firms to attend at Joint Committee on the basis that ‘firms with a serious role in the Irish economy have a social responsibility to account for themselves before the Committee’;
- notes the information provided by the Department of Finance detailing the level of engagement with the funds industry from 2013 to 2016 detailing approximately 125 relevant meetings held, thus demonstrating the level of interaction between the funds industry and the Department over those years; and
- calls on the Government to implement the recommendations contained in paragraphs 17 and 18 of the Report, namely:
 - to cease all engagement with

infheistíochta príobháideacha neamhrialtáilte agus le gnólachtaí seirbhíse creidmheasa rialáilte go dtí go mbeidh na heintitis sin cuntasach don Pharlaimint; agus

- reachtaíocht a thabhairt isteach chun gach eintiteas neamhrialtáilte atá ag oibriú i Margadh Morgáistí na hÉireann a rialáil d’fhonn tomhaltóirí Éireannacha a chosaint.

unregulated private investment funds and regulated credit service firms until these entities are accountable to Parliament; and

- to introduce legislation for the regulation of all unregulated entities operating in the Irish mortgage market in order to protect Irish consumers.”

—*John McGuinness,*

Chairman of the Joint Committee on Finance, Public Expenditure and Reform, and Taoiseach.

[30 May, 2018]

23. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón Roghchoiste um Fhormhaoirsiú Buiséid dar teideal ‘Tuarascáil ar Bhuiséadú Inscne’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 30 Bealtaine 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Select Committee on Budgetary Oversight entitled ‘Report on Gender Budgeting’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 30th May, 2018.”

—*Colm Brophy,*

Chairman of the Select Committee on Budgetary Oversight.

[31 May, 2018]

24. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:

An tOrdú um Choimisiún Imscrúdúcháin (An fhreagairt do ghearáin nó líomhaintí a rinneadh i gcoinne Bill Kenneally maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí, agus nithe gaolmhara), 2018,

ar Ordú é ar leagadh cóipeanna de ina dhréacht faoi bhráid Dháil Éireann an 6 Meitheamh 2018.

That Dáil Éireann approves the following Order in draft:

Commission of Investigation (Response to complaints or allegations of child sexual abuse made against Bill Kenneally and related matters) Order 2018,

copies of which Order in draft were laid before Dáil Éireann on 6th June, 2018.”

—*An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.*

25. “Go gceadaíonn Dáil Éireann téarmaí an Chomhaontaithe idir an Eagraíocht Eorpach um Thaighde Réalteolaíoch sa Leathsféar Theas agus Éire i dtaobh aontachas na hÉireann leis an Eagraíocht Eorpach um Thaighde Réalteolaíoch sa Leathsféar Theas, a cheadaigh Comhairle ESO an 5 Meitheamh 2018, ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 12 Meitheamh 2018.

That Dáil Éireann approves the terms of the Agreement between the European Organisation for Astronomical Research in the Southern Hemisphere and Ireland concerning the accession of Ireland to the European Organisation for Astronomical Research in the Southern Hemisphere, approved by ESO Council on 5th June, 2018, a copy of which was laid before Dáil Éireann

on 12th June, 2018.”

—*An tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.*

26. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacadh leis an mbeart seo a leanas:

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear faisnéis airgeadais agus faisnéis eile a úsáid chun coireanna coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/JHA ón gComhairle,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 11 Bealtaine 2018.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council laying down rules facilitating the use of financial and other information for the prevention, detection, investigation or prosecution of certain criminal offences and repealing Council Decision 2000/642/JHA,

a copy of which was laid before Dáil Éireann on 11th May, 2018.”

—*An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.*

ORDUITHE AN LAE ORDERS OF THE DAY

27. (l) An Bille um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 2017 — An Tuarascáil (*Leasú 22, atógáil – Athchúrsa i gCoiste*).
(a) Road Traffic (Amendment) Bill 2017 — Report (*Amendment 22, resumed – Recommittal*).

28. Ráitis Gheilleagair an tSamhraidh.
Summer Economic Statements.

29. (l) An Bille um Chóipcheart agus Forálacha Eile de chuid an Dlí Maoine Intleachtúla, 2018 — Ordú don Tuarascáil.
(a) Copyright and Other Intellectual Property Law Provisions Bill 2018 — Order for Report.

30. An Bille um Margaí in Ionstraimí Airgeadais, 2018 — Ordú don Tuarascáil.
Markets in Financial Instruments Bill 2018 — Order for Report.
-
31. An Bille Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2017 — Ordú don Tuarascáil.
Employment (Miscellaneous Provisions) Bill 2017 — Order for Report.
-
32. An Bille Oidhreachta, 2016 [*Seanad*] — Ordú don Tuarascáil.
Heritage Bill 2016 [*Seanad*] — Order for Report.
-
33. An Bille um Fhorbairt Tionscail (Leasú), 2018 — Ordú don Tuarascáil.
Industrial Development (Amendment) Bill 2018 — Order for Report.
-
34. Bille na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2017 — Ordú don Tuarascáil.
Companies (Statutory Audits) Bill 2017 — Order for Report.
-
35. An Bille um Shainmharcáil (Leasú), 2016 — Ordú don Tuarascáil.
Hallmarking (Amendment) Bill 2016 — Order for Report.
-
36. An Bille um Fhiadhúlra (Leasú), 2016 — Ordú don Tuarascáil.
Wildlife (Amendment) Bill 2016 — Order for Report.
-
37. Ráitis maidir le Tionscadal Éireann 2040 (*atógáil*).
Statements on Project Ireland 2040 (*resumed*).
-
38. Ráitis maidir leis an gCreat Pleanála Náisiúnta (*atógáil*).
Statements on the National Planning Framework (*resumed*).
-
39. Tairiscintí Airgeadais ón Aire Airgeadais [2017] (*Tairiscint 4, atógáil*).
Financial Motions by the Minister for Finance [2017] (*Motion 4, resumed*).
-
40. Tairiscintí Airgeadais ón Aire Airgeadais [2016] (*Tairiscint 2, atógáil*).
Financial Motions by the Minister for Finance [2016] (*Motion 2, resumed*).
-
41. Ráitis maidir le Torthaí Reifreann AE/RA (*atógáil*).
Statements on the EU/UK Referendum Results (*resumed*).

42. Ráitis maidir le Lánfhostaíocht Inchothaithe a Sheachadadh (*atógáil*).
Statements on Delivering Sustainable Full Employment (*resumed*).

43. Ráitis maidir le Seirbhísí Meabhair-Shláinte (*atógáil*).
Statements on Mental Health Services (*resumed*).

44. Ráitis maidir le hUisce Éireann (*atógáil*).
Statements on Irish Water (*resumed*).

45. Ráitis maidir le Leanaí gan Dídean. (*atógáil*).
Statements on Child Homelessness. (*resumed*).

46. Ráitis maidir le hUisce.
Statements on Water.

47. Ráitis maidir le Brexit (*atógáil*).
Statements on Brexit (*resumed*).

48. Ráitis maidir leis an Athbhreithniú Cliniciúil Neamhspleách Seachtrach ar na Seirbhísí Máithreachais ag Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe (*atógáil*).
Statements on External Independent Clinical Review of the Maternity Services at Portiuncula Hospital, Ballinasloe (*resumed*).

Tairiscintí (atógáil):
Motions (resumed):

49. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh dar teideal ‘Cúairt ag an gCoiste ar an mBruiséil 7-8 Feabhra 2017’ (i ndáil leis na caibidlí a gcuirfear tús leo tar éis don Ríocht Aontaithe fógra a thabhairt don Chomhairle Eorpach go bhfuil ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach faoi Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach), ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 22 Feabhra 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on European Union Affairs entitled ‘Committee Travel to Brussels 7-8 February 2017’ (in relation to the negotiation to be commenced after the United Kingdom notifies the European Council of its intention to withdraw from the European Union under Article 50 of the Treaty on European Union), copies of which were laid before Dáil Éireann on 22nd February, 2017.”

—*Michael J. Healy-Rae,*
Chairman of the Joint Committee on European Union Affairs.
 [9 March, 2017]

-
50. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann anTuarascáil ón gComhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil agus Cosaint dar teideal ‘Athbhreithniú ar Chlár Chúnaimh Éireann’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 21 Feabhra 2018. That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Foreign Affairs and Trade, and Defence, entitled ‘Review of the Irish Aid Programme’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 21st February, 2018.”

—*Brendan Smith,*
Chairman of the Joint Committee on Foreign Affairs and Trade, and Defence.
 [24 April, 2018]

GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

Gnó a ordáíodh:
Business ordered:

51. (l) An Bille Deochanna Meisciúla (Grúdlanna agus Drioglanna), 2016 — Ordú don Tuarascáil.
 (a) Intoxicating Liquor (Breweries and Distilleries) Bill 2016 — Order for Report.

—*Alan Kelly.*

-
52. An Bille um Chosaint Tomhaltóirí (Leasú), 2017 — An Dara Céim.
 Consumer Protection (Amendment) Bill 2017 — Second Stage.

—*Niall Collins.*

-
53. An Bille um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2018 — An Dara Céim.
 Údarás na Gaeltachta (Amendment) Bill 2018 — Second Stage.

—*Peadar Tóibín, Dessie Ellis, Aengus Ó Snodaigh, Donnchadh Ó Laoghaire, Pearse Doherty.*

-
54. An Bille um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 2018 — An Dara Céim.
 Civil Liability (Amendment) Bill 2018 — Second Stage.

—*Alan Kelly.*

-
55. An Bille um Easpa Dídine a Chosc, 2018 — An Dara Céim.
 Homeless Prevention Bill 2018 — Second Stage.

—*Eoin Ó Broin, Denise Mitchell.*

-
56. An Bille um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) (Uimh. 2), 2018 — An Dara Céim.
Civil Liability (Amendment) (No. 2) Bill 2018 — Second Stage.

—*Louise O'Reilly*.

-
57. Bille na Séadchomharthaí Náisiúnta (Machaire Catha Shráid an Mhúraigh), 2018 — An Dara Céim.
National Monuments (The Moore Street Battlefield) Bill 2018 — Second Stage.

—*Peadar Tóibín*.

-
58. An Bille um Dhífheistiú Breosla Iontaise, 2016 — Ordú don Tuarascáil.
Fossil Fuel Divestment Bill 2016 — Order for Report.

—*Thomas Pringle*.

-
59. An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe) (Leasú), 2018 — An Dara Céim.
Residential Tenancies (Residential Tenancies Board) (Amendment) Bill 2018 — Second Stage.

—*Barry Cowen*.

-
60. An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Criosanna Brú Cíosa agus Cóiríocht do Mhic Léinn) (Leasú), 2018 — An Dara Céim.
Residential Tenancies (Rent Pressure Zones & Student Accommodation) (Amendment) Bill 2018 — Second Stage.

—*Darragh O'Brien*.

-
61. An Bille um an Dlí Coiriúil (Leanaí a Earcú chun Gabháil do Ghníomhaíocht Choiriúil), 2018 — An Dara Céim.
Criminal Law (Recruitment of Children to Engage in Criminal Activity) Bill 2018 — Second Stage.

—*Anne Rabbitte*.

-
62. An Bille um Bonneagar Náisiúnta, 2018 — An Dara Céim.
National Infrastructure Bill 2018 — Second Stage.

—*Dara Calleary*.

-
63. An Bille um Shábháilteacht Feithiclí Uile-Thír-Raoin, 2018 — An Dara Céim.
All Terrain Vehicle Safety Bill 2018 — Second Stage.

—*Dara Calleary.*

-
64. An Bille um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Leasú), 2018 — An Dara Céim.
Industrial Development (Science Foundation Ireland) (Amendment) Bill 2018 — Second Stage.

—*James Lawless.*

-
65. An Bille um Chúram Leanaí (Leasú), 2018 — An Dara Céim.
Child Care (Amendment) Bill 2018 — Second Stage.

—*Jim O'Callaghan, Anne Rabbitte.*

-
66. An Bille Sláinte Poiblí (Infhaighteacht Dífhibrileoirí), 2018 — An Dara Céim.
Public Health (Availability of Defibrillators) Bill 2018 — Second Stage.

—*Noel Rock.*

-
